An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Fís don Todhchaí

# Clár Ábhar


| | leathanach |
|---|---|
| Réamhrá | 1 |
| **1.** Coinneáil agus Fanacht: Aonad Oidhreachta aontaithe atá faoi stiúir ag Aire Oidhreachta tiomnaithe a choinneáil ar bun | 5 |
| **2.** An tAcht Oidhreachta, 1995, a athbhreithniú | 9 |
| **3.** Foirne Oidhreachta a chruthú in Údaráis Áitiúla ar mhaithe le maoirseacht fheabhsaithe | 13 |
| **4.** Ionad Barr Feabhais Náisiúnta um Scileanna Traidisiúnta a thógáil | 17 |
| **5.** Aonad Taighde Oidhreachta a bhunú sa Chomhairle Oidhreachta | 21 |



# Réamhrá

Tréimhse fáis shuntasaigh don earnáil oidhreachta agus don Chomhairle Oidhreachta araon ba ea na ceithre bliana seo a chuaigh thart. Le linn na tréimhse sin, tháinig méadú ar an gcistiú bliantúil ón státchiste don oidhreacht ó €170.2m go €267.8m. Meastar sa taighde a rinne an Chomhairle Oidhreachta sa bhliain 2024 go gcuireann an earnáil oidhreachta €4.9 billiún le haschur eacnamaíoch bliantúil na hÉireann.

A bhuí leis an méadú ar chistiú, tacaíodh le hearnáil atá ina comhpháirt thábhachtach de shaol na hÉireann. Soláthraíonn an earnáil deiseanna díreacha fostaíochta agus, de bhreis air sin, tacaíonn sí go hindíreach le poist i dtionscail ghaolmhara amhail turasóireacht, talmhaíocht, bia agus iompar, i measc tionscail eile. Cuireann an oidhreacht le branda na hÉireann mar náisiún atá saibhir ó thaobh an chultúir de, a fhágann go bhfuil sí tarraingteach d'infheistíocht eachtrach.

Rud sonrach, tháinig méadú 152% ar chistiú don Chomhairle Oidhreachta idir na blianta 2019 agus 2024, agus é ag ardú ó €6.6M sa bhliain 2019 go €16.6M sa bhliain 2024. Tháinig méadú faoi dhó, beagnach, ar ár líon foirne le linn na tréimhse sin freisin. Chomh maith leis sin, tacaíonn an Chomhairle le haon oifigeach oidhreachta údaráis áitiúil is tríocha a fhostú agus, sa bhliain 2022, chuir sí tús le clár oifigeach bithéagsúlachta údaráis áitiúil. Tá sé oifigeach bithéagsúlachta is fiche fostaithe anois.

D'fhág an méadú ar acmhainní go raibh an Chomhairle in ann na cláir oidhreachta a bhí ann cheana a neartú agus tús a chur le cláir, scéimeanna deontas agus beartais nua. Mar thoradh ar na gníomhartha sin, méadaíodh an spéis atá ag an bpobal san oidhreacht, spreagadh an earnáil oidhreachta, agus baineadh fíorluach amach don phobal i gcoitinne.

D'fhág an méadú ar acmhainní freisin go raibh an Chomhairle Oidhreachta in ann taighde ríthábhachtach nua a dhéanamh ar an earnáil. Úsáidtear fionnachtana an taighde sin níos déanaí sa doiciméad seo chun tacú lenár n-uaillmhian don todhchaí. Deimhnítear san fhís seo go bhfuil ríthábhacht ag baint leis an earnáil oidhreachta in Éirinn mar gheall ar na tairbhí eacnamaíocha a sholáthraíonn sí agus mar gheall ar an ról atá aici maidir le féiniúlacht chultúrtha chomhroinnte agus comhtháthú sóisialta a chothú araon.

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council


# Teastaíonn ceannaireacht ó earnáil oidhreachta atá scaipthe agus neamhchomhordaithe

**Ní eol do 21% de dhaoine cé atá freagrach as an oidhreacht in Éirinn**

**Cé gur soláthraíodh cistiú €1.67 billiún don oidhreacht ón mbliain 2019 i leith, tá dúbláil shuntasach agus forluí suntasach ann idir scéimeanna cistiúcháin**

**Is trí chéile atá an tírdhreach oidhreachta**

**Teastaíonn anailís níos fearr ar an tionchar a imríonn an infheistíocht san oidhreacht**




The Heritage Council has made every reasonable effort to ensure the information contained herein is accurate. References to public attitudes to heritage derive from research commissioned by the Heritage Council from Behaviour and Attitudes in 2023. Data on exchequer funding levels is drawn from research commissioned by the Heritage Council from Crowe Ireland in 2023/2024. Data on funding schemes available to the heritage sector is drawn from research commissioned by the Heritage Council from Crowe Ireland in 2023. Representations and references to the types of stakeholders operating in the heritage sector are drawn from a stakeholder mapping exercise commissioned by the Heritage Council from M-Co in 2023/204. This data is indicative and does not claim to be complete or comprehensive.

RedQuadrant



Tugtar sa Tuarascáil Bhliantúil ón gComhairle Oidhreachta forbhreathnú ar an ngnáthobair laethúil a dhéanann sí, agus achoimrítear inti a cuid éachtaí agus dul chun cinn gach bliain. Cé go dtapaímid an deis chun ár gcuid éachtaí a cheiliúradh, is amhlaidh i gcónaí a choinnímid súil amach do na dúshláin atá romhainn agus a phleanálaimid go straitéiseach don todhchaí.

Is é cuspóir an doiciméid seo forbhreathnú a thabhairt ar an gcuma a bheidh ar an todhchaí sin a mhéid a bhaineann le cúig thogra lena mbreithniú le linn an chéad téarma rialtais eile:

1. Coinneáil agus Fanacht: Aonad Oidhreachta aontaithe atá faoi stiúir ag Aire Oidhreachta tiomnaithe a choinneáil ar bun
2. An tAcht Oidhreachta, 1995, a athbhreithniú
3. Foirne Oidhreachta a chruthú in Údaráis Áitiúla ar mhaithe le maoirseacht fheabhsaithe
4. Ionad Barr Feabhais Náisiúnta um Scileanna Traidisiúnta a thógáil
5. Aonad Taighde Oidhreachta a bhunú sa Chomhairle Oidhreachta

# Coinneáil agus Fanacht: Aonad Oidhreachta aontaithe atá faoi stiúir ag Aire Oidhreachta tiomnaithe a choinneáil ar bun


Cor cinniúnach i gcosaint na hoidhreachta in Éirinn ba ea Aire sóisearach Oidhreachta a cheapadh sa bhliain 2020, agus tháinig méadú 174% ar chistiú, ó €170.2m go €267.8m, tháinig méadú mór ar an líon foirne agus neartaíodh creataí dlíthiúla dá bharr. Thug an rialtas reachtaíocht thábhachtach isteach, lenar áiríodh Acht na hOidhreachta Stairiúla agus Seandálaíochta, 2023, agus Dlí an Aontais Eorpaigh um Athbhunú an Dúlra, ar mhaithe le láithreáin oidhreachta a chosaint.

Rud eile a thacaigh leis na héachtaí sin ba ea struchtúr comhtháite na bhfeidhmeanna oidhreachta de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus struchtúr comhtháite na gcomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne, e.g., an Chomhairle Oidhreachta, an tAonad Seirbhísí Oidhreachta Tógtha, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, an lucht rialtais áitiúil, etc.



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Bunathrú ar an gComhairle Oidhreachta




Rinne an Chomhairle Oidhreachta gach iarracht réasúnach chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha anseo cruinn. Tá sonraí a bhaineann le cláir, leibhéil foirne agus róil roinne tógtha ó thaighde inmheánach de chuid na Comhairle Oidhreachta. Tá na sonraí faoi leibhéil chistiúcháin ón státchiste tógtha ó thaighde a choimisiúnaigh an Chomhairle Oidhreachta ó Crowe Ireland sa bhliain 2023/2024.

RedQuadrant

## Na nithe a theastaíonn

Chun cur arís eile leis na héachtaí sin, is gá Aire Oidhreachta tiomnaithe a choinneáil agus fanacht laistigh de struchtúr comhtháite rialtais.

## Tionchair

- Gníomhaíonn Aire Oidhreachta mar phearsa lárnach atá freagrach as saincheisteanna a bhaineann leis an oidhreacht, á chinntiú go dtugtar aird dhírithe ar na nithe sin ar na leibhéil is airde rialtais. Is féidir leis an Aire Oidhreachta tionchar a imirt ar bheartais a bhfuil gné oidhreachta ag baint leo ar fud earnálacha éagsúla freisin, amhail pleanáil, bainistíocht comhshaoil, oideachas, forbairt tuaithe agus forbairt uirbeach.
- Trí fhanacht in aonad oidhreachta tiomnaithe laistigh de roinn rialtais, cinntítear gur féidir forbairt a dhéanamh ar straitéisí fadtéarmacha le haghaidh an oidhreacht a chaomhnú agus a chur chun cinn, go gcomhordaítear cistiú oidhreachta agus go n-úsáidtear é chun cuspóir straitéiseach a chomhlíonadh, agus gur féidir cur chun feidhme a dhéanamh ar rialacháin atá ceaptha chun oidhreacht thógtha, oidhreacht chultúrtha agus oidhreacht nádúrtha a chosaint.

Is é sin an fáth ar gá dúinn Aire Stáit um Oidhreacht a choinneáil agus fanacht in aonad eagraíochtúil aontaithe laistigh de roinn iomchuí rialtais. Is é sin an bonn ar a bhfuil na moltaí seo a leanas bunaithe.

# An tAcht Oidhreachta, 1995, a athbhreithniú

Choimisiúnaigh an Chomhairle Oidhreachta suirbhé cuimsitheach ar iompraíocht agus dearcthaí sa bhliain 2023 chun meon an phobail i leith na hoidhreachta a shuí. Ceann amháin de na staitisticí is spéisiúla a tháinig chun cinn ba ea go gcreideann 68% de dhaoine go láidir gur gá dúinn ár n-oidhreacht a chosaint, i gcomparáid le 46% sa bhliain 1999. Is sainordú spreagúil é sin i ndáil leis an oidhreacht a bhainistiú, a chosaint agus a chur chun cinn.

Mar sin féin, tháinig athrú ó bhonn ar Éirinn sa tríocha bliain a chuaigh thart ó ritheadh Acht 1995. Tháinig méadú ó shin i leith ar a thábhachtaí atá réimsí amhail bithéagsúlacht, oidhreacht atá i mbaol ón athrú aeráide, oidhreacht ilchultúrtha, oidhreacht bhéil agus oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe.

## Na nithe a theastaíonn

Is gá dhá ghníomh ar leith a dhéanamh chun a bheith in ann ionchais an phobail a chomhlíonadh:

- Is gá an míniú reatha ar an oidhreacht a thabhairt cothrom le dáta chun go gcuirfear san áireamh ann an smaointeoireacht agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta reatha maidir le cad is oidhreacht ann sa tsochaí chomhaimseartha.
- Ba cheart ról na Comhairle Oidhreachta a neartú chun feidhm reachtúil a thabhairt di maidir le comhairle agus measúnuithe beartais atá fianaisebhunaithe agus neamhspleách a sholáthar don rialtas.

### *Feidhm reachtúil maidir le meastóireacht agus measúnú atá dírithe ar an oidhreacht*

Is an-bheag an méid a ghabhann an earnáil oidhreachta in Éirinn do mheastóireacht ar a cuid oibre nó do mheasúnú ar an difear a dhéanann sí. Tá gá le taighde agus meastóireacht chun gur féidir cinntí fianaisebhunaithe a dhéanamh, tionchair a thomhas agus measúnuithe a dhéanamh ar threochtaí. Tá sé sin ríthábhachtach maidir le tuiscint a ghnóthú ar an rannchuidiú a dhéanann an oidhreacht le féiniúlacht, leis an ngeilleagar, le folláine agus le cumhachtú pobail. Tá gá le taighde agus meastóireacht freisin chun anailís a dhéanamh ar chomhdhéanamh agus cumas na hearnála oidhreachta agus ar na dúshláin a bheidh le sárú aici sa todhchaí, lena n-áirítear treochtaí geilleagracha agus an t-athrú aeráide.

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# An tAcht Oidhreachta, 1995, a athbhreithniú

## IS GÁ AN tACHT OIDHREACHTA, 1995, A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA

**68%** an céatadán de dhaoine a chreideann go láidir gur gá dúinn ár n-oidhreacht a chosaint, i gcomparáid le 46% sa bhliain 1999

ach níl an míniú ar an oidhreacht san Acht Oidhreachta ar aon dul leis an smaointeoireacht chomhaimseartha ná le luachanna agus treochtaí comhaimseartha.

## TÁ SAINCHEISTEANNA TÁBHACHTACHA AR IARRAIDH ÓN ACHT

### OIDHREACHT DHOLÁIMHSITHE

is é seo an rud is tábhachtaí do

**83%**

de dhaoine (traidisiúin teaghlaigh, ceangail leis an áit, foghlaim ó ghlúnta roimhe).



### AN tATHRÚ AERÁIDE

**65%**

an céatadán de dhaoine a chreideann go bhfuil an oidhreacht i mbaol ón athrú aeráide.

### TAIGHDE



Ba cheart an Chomhairle Oidhreachta a acmhainniú chun taighde a dhéanamh chun tacú le cinnteoireacht agus forbairt beartais atá fianaisebhunaithe.

### BITHÉAGSÚLACHT

**37%**

ní chreideann ach 37% de dhaoine go bhfuil bithéagsúlacht mar chuid dár n-oidhreacht.

### OIDHREACHT CHUIMSITHEACH AGUS ILCHULTÚRTHA

Tá méadú suntasach tagtha ar an líon daoine nach Éireannaigh gheala iad a chónaíonn in Éirinn.

Ní thugtar san Acht aon aitheantas d'oidhreacht ilchultúrtha.

### AN SPRIOC

**An tAcht Oidhreachta a leasú chun go mbeidh sé ag teacht leis an tuiscint atá ag an bpobal ar an oidhreacht agus leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta.**

**Trí Aonad Taighde a bhunú, cumasófar don Chomhairle Oidhreachta faireachán leanúnach a dhéanamh ar threochtaí, ar an tionchar eacnamaíoch agus ar dhearcthaí an phobail i leith na hoidhreachta.**

### NA NITHE A MHEASANN DAOINE A BHEITH I gCEIST LEIS AN OIDHREACHT ACH NACH gCUMHDAÍTEAR SAN ACHT

**83%** Oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe

**76%** Músaeim, déantáin, cartlanna, lámhscríbhinní

**37%** Bithéagsúlacht

teastaíonn uainn go dtuigfeadh daoine go bhfuil sé seo mar chuid dár n-oidhreacht.

### OIDHREACHT PHEARSANTA AGUS DHOLÁIMHSITHE

"Tá imní orm go bhféadfaí ár n-oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe a chailleadh nó go bhféadfaí baint di mar gheall ar an rochtain ar na meáin shóisialta agus ar an domhandú agus mar gheall ar an nochtadh dóibh."

"Imeascfaidh daoine nua in Éirinn ar bhealach níos fearr trí fhoghlaim faoinár n-oidhreacht agus trí na gnéithe tábhachtacha dá n-oidhreacht féin a chomhroinnt ansin. Rachadh sé sin chun tairbhe dúinn go léir."

Rinne an Chomhairle Oidhreachta gach iarracht réasúnach chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha anseo cruinn. Tá na tagairtí do dhearcthaí an phobail i leith na hoidhreachta, lena n-áirítear athfhriotail, tógtha ó thaighde a choimisiúnaigh an Chomhairle Oidhreachta ar Iompraíocht agus Dearcthaí sa bhliain 2023.

RedQuadrant



## Tionchair

- Tríd an míniú ar an oidhreacht a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, is féidir aitheantas a thabhairt do réimsí a imeallaíodh nó ar tugadh neamhaird orthu san am atá thart, amhail cleachtais agus traidisiúin chultúrtha, á chinntiú an tráth céanna go n-aithnítear agus go gcaomhnaítear oidhreacht na bpobal uile, lena n-áirítear oidhreacht na ngrúpaí mionlaigh.
- Is féidir le míniú athbhreithnithe tús áite a thabhairt do chineálacha oidhreachta atá i mbaol ón athrú aeráide, rud as a dtiocfaidh iarrachtaí spriocdhírithe chun láithreáin agus cleachtais leochaileacha a chosaint.
- Is féidir go gcuirfear san áireamh san athbhreithniú gnéithe nua-aimseartha amhail oidhreacht dhigiteach, meáin nua agus léirithe nua-aimseartha, amhail cultúr pobail agus cultúr digiteach, mar gheall ar chineál éabhlóideach na féiniúlachta pearsanta agus sochaíche.
- Trí shainordú a thabhairt don Chomhairle Oidhreachta obair oidhreachta a mheas agus sonraí a bhailiú agus a chomhroinnt go tráthrialta, cosúil leis na feidhmeanna taighde atá ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, tacófar leis an bhfeidhm

# Foirne Oidhreachta a chruthú i ngach Údarás Áitiúil ar mhaithe le maoirseacht fheabhsaithe

Imríonn údaráis áitiúla ról lárnach maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta a bhaineann leis an oidhreacht. Áirítear leis sin cosaint uisce agus comhshaoil, an t-athrú aeráide agus pleanáil, mar aon le beartais amhail Oidhreacht Éireann 2030, Tithíocht do Chách, Tús Áite do Lár Bailte agus beartais eile rialtais a chur chun feidhme.

Trí na feidhmeanna pleanála atá acu, tá údaráis áitiúla freagrach as a chinntiú go n-urramaítear luachanna oidhreachta i gcás forbairtí nua, as measúnuithe tionchair oidhreachta a dhéanamh agus as caomhnú na hoidhreachta a chomhtháthú isteach i bpleananna forbartha áitiúla.

Imríonn siad ról lárnach acu maidir le braistint "comhfhorbairt áite" a chruthú, rud a bhfuil i gceist leis carachtar uathúil na háite a thuiscint agus a urramú agus spásanna poiblí a dhearadh agus a bhainistiú dá réir.

## Na nithe a theastaíonn


Is gá dúinn lánfhoirne gairmithe oidhreachta a sholáthar d'údaráis áitiúla. Bheadh na foirne sin comhdhéanta de chartlannaithe, d'oifigigh chaomhantais ailtireachta, de sheandálaithe, de choimeádaithe agus, nuair is iomchuí, de speisialtóirí eile, lena n-áirítear oifigigh oidhreachta muirí agus cósta agus oifigigh oidhreachta pobail, agus cáilíochtaí gairmiúla acu go léir.

Trí ghealltanas fadtéarmach a thabhairt na foirne sin a acmhainniú, bunathrófar an scéal don oidhreacht, agus príomhshruthófar an dea-chleachtas ó thaobh bainistíochta oidhreachta de ar fud na tíre.

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Foirne Oidhreachta a chruthú in údaráis áitiúla

## An cion de chumhdach contae do gach cineál gairmí de réir údarás áitiúil




OIFIGEACH OIDHREACHTA
**100%**



OIFIGEACH BITHÉAGSÚLACHTA
**87%**




CARTLANNAÍ
**65%**



OIFIGEACH CAOMHANTAIS AILTIREACHTA
**64%**




COIMEÁDAÍ MÚSAEIM
**38%**



SEANDÁLAÍ
**23%**


## An raon cineálacha gairmithe oidhreachta a ndéantar ionadaíocht dóibh in údaráis áitiúla




an líon cineálacha gairmithe oidhreachta a ndéantar ionadaíocht dóibh

1
2
3
4
5
6

## Comhghaol deimhneach idir an raon oifigeach agus ioncam deontais





## Na tairbhí a shainaithin baill foirne údaráis áitiúil a bhfuil lánfhoirne oidhreachta acu

**1** Is féidir lenár bhfoireann fadhbanna a shainaithint SULA gcuirtear tús le tionscadail anois. Fágann sé sin nach dtiocfaidh an líon céanna fadhbanna chun cinn tráth níos déanaí. Coiglíonn sé am agus airgead, agus cinntíonn sé rath an tionscadail freisin.

**2** Tugaim faoi deara go n-éistear linn ar bhealach i bhfad níos géire ar leibhéal sinsearach anois toisc go bhfuil feasacht ann ar ár gcuid saineolais agus údaráis agus toisc go n-aithnítear an saineolas agus an t-údarás sin. Is í an oidhreacht a bhaineann an tairbhe is mó as sin.



**3** Labhraímid go léir d'aon ghuth. Fágann sé sin gur críochnúil a bhíonn ár bhfreagraí ar thograí pleanála nó ar chomhairliúcháin Rialtais.



**4** Tá baol an tnáite imithe anois. Bíonn seisear dínn ar fáil i gcónaí chun tacú lena chéile. Bhí sé thar a bheith dúshlánach obair i d'aonar.



**5** Bíonn sé níos éasca ceangal le daoine agus a chinntiú go gcuirtear a dtuairimí san áireamh i gcinntí oidhreachta. Cuireann sé sin lena fhiúntaí a bhíonn ár gcuid oibre.

Rinne an Chomhairle Oidhreachta gach iarracht réasúnach chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha anseo cruinn. Tá na sonraí tógtha ó chleachtadh léarscáilithe geallsealbhóirí a choimisiúnaigh an Chomhairle Oidhreachta ó M-Co sa bhliain 2023/204. Tá na tagairtí do dhearcthaí údaráis áitiúil i leith foirne oidhreachta tógtha ó thaighde inmheánach a rinne an Chomhairle Oidhreachta sa bhliain 2024. Is sonraí táscacha iad na sonraí sin, agus ní mhaítear gur sonraí cuimsitheacha iomlána iad.

RedQuadrant

*Teist chruthaithe*

Tá an Chomhairle Oidhreachta ag obair go han-éifeachtach le húdaráis áitiúla ó bunaíodh í. Mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht sin, bunaíodh dhá líonra thar a bheith tábhachtach - Líonra na nOifigeach Oidhreachta (a bunaíodh sa bhliain 1999 agus a chuimsíonn 31 phost mar Oifigeach Oidhreachta) agus Líonra na nOifigeach Bithéagsúlachta (a bunaíodh sa bhliain 2022 agus a chuimsíonn 27 bpost mar Oifigeach Bithéagsúlachta).

Ba mhaith linn cur arís eile leis an rath sin.

## Tionchair

- Is féidir le Foirne Oidhreachta tacú le cleachtais thraidisiúnta atá uathúil d'áit ar leith a chaomhnú, agus iad ag cabhrú le héagsúlacht chultúrtha a chothabháil ar an leibhéal áitiúil.
- Is féidir le Foirne Oidhreachta a chinntiú go gcomhtháthaítear tosca oidhreachta isteach i bpróisis phleanála áitiúla, agus iad ag dul i bhfeidhm ar chinntí maidir le húsáid talún, maidir le tionscadail forbartha agus maidir le feabhsuithe bonneagair ar mhaithe le sócmhainní oidhreachta a chosaint.
- Is féidir le Foirne Oidhreachta cumhacht a thabhairt d'údaráis áitiúla cinntí eolacha a dhéanamh maidir le caomhnú oidhreachta, agus iad ag cinntiú gurb iad oifigigh a bhfuil tuiscint dhomhain acu ar an gcomhthéacs áitiúil agus a bhfuil eolas agus tuiscint acu ar riachtanais áitiúla a dhéanann na cinntí sin.



# Ionad Barr Feabhais Náisiúnta um Scileanna Traidisiúnta a thógáil



Is ann do ghanntanas méadaitheach ceardaithe oilte a dhéanann speisialtóireacht i modhanna traidisiúnta tógála. Chomh maith leis sin, nochtadh sa taighde a rinne an Chomhairle Oidhreachta gur ann faoi láthair d'easpa oiliúna i scileanna traidisiúnta (tuíodóireacht, siúinéireacht, saoirseacht, moirtéal aoil, etc.) agus gur beag duine óg atá ag tabhairt faoi uasoiliúint i gceirdeanna ríthábhachtacha.

Murab ionann agus tíortha Eorpacha eile, níl againn in Éirinn aon ionad barr feabhais um scileanna traidisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin.

## Na nithe a theastaíonn

Is gá dúinn Ionad Barr Feabhais a thógáil in Éirinn chun cleachtóirí nua a oiliúint, chun an bhearna saineolais a dhúnadh, chun a chinntiú go mbíonn rochtain ag tionscadail chaomhantais oidhreachta ar na scileanna riachtanacha, agus chun a chinntiú go dtugtar na scileanna riachtanacha sin ar aghaidh ó ghlúin go glúin.

Beidh ról ríthábhachtach aige maidir le teicnící traidisiúnta tógála, ábhair thraidisiúnta thógála agus ceardaíocht thraidisiúnta tógála a chaomhnú, ar nithe iad atá ríthábhachtach maidir le foirgnimh stairiúla agus oidhreacht chultúrtha a chothabhái.

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Ionad Barr Feabhais Náisiúnta um Scileanna Traidisiúnta a thógáil

## Tá drochbhail ar an earnáil scileanna traidisiúnta, ach tá bealach chun cinn ann go fóill



Ní bheidh cuid mhór dár scileanna ann a thuilleadh in éagmais scéim phrintíseachta ina n-íoctar bunphá



Sula rachaidh tú i mbun obair ghairmiúil, teastaíonn uait deimhniúchán cisealta agus obair phrintíseachta.



Ba ó ghlúin go glúin a tugadh scileanna traidisiúnta ar aghaidh san am atá thart. Ní tharlaíonn sé sin a thuilleadh.

## Na nithe a dhéanfaidh Ionad Barr Feabhais

1. Gníomhú mar ionad ilfhreastail chun ilroinnt a laghdú san earnáil caomhantais
2. Ganntanais scileanna a shainaithint agus cúrsaí creidiúnaithe oiliúna a sholáthar
3. Meantóireacht a sholáthar, go háirithe do ról na mban i gcaomhantas tógála
4. Dul chun cinn gairme go leibhéal an mháistircheardaí a chumasú trí scileanna praiticiúla a fheabhsú

## Why a Centre of Excellence?

| | | |
|---|---|---|
| Fórsa saothair atá ag aosú, gan aon daoine óga a bheith ann chun a áit a ghlacadh | Fíorbheagán oiliúna ar fáil, gan aon chonair shoiléir ghairme a bheith ann | Gan daoine ná oiliúint, cuirfear obair caomhantais ar tairiscint thar lear, agus tiocfaidh méadú ar chostais dá dheasca sin |

Teastaíonn uainn oiliúint lasmuigh den láthair i ngach printíseacht



Cé go dteagasctar na bunrudaí ina lán cúrsaí, ní ghabhann aon deimhniúchán leo

## Torthaí an tsuirbhé ar scileanna san earnáil oidhreachta

3% — Fostaíonn 3% printísigh

70% — Tá níos mó ná 70% AG IARRAIDH printísigh a fhostú

65% — Bíonn 65% ag teacht ar dheacrachtaí maidir le daoine oilte a aimsiú le haghaidh obair oidhreachta

82% — Deir 82% gur tháinig méadú ar an éileamh le cúig bliana anuas

9% — Ní deir ach 9% gur ann do dhóthain ceardaithe ag a bhfuil na scileanna is gá chun freastal ar an éileamh ar chaomhantas oidhreachta

100% — Bhí 100% i bhfách le hIonad um scileanna traidisiúnta oidhreachta, agus measann siad gur cheart dó creidiúnú a sholáthar

Rinne an Chomhairle Oidhreachta gach iarracht réasúnach chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha anseo cruinn. Tá sonraí an tsuirbhé ar scileanna san earnáil oidhreachta tógtha ó thaighde inmheánach a rinne an Chomhairle Oidhreachta sa bhliain 2023. Is sonraí táscacha iad na sonraí sin, agus ní mhaítear gur sonraí cuimsitheacha iomlána iad.

RedQuadrant

## Tionchair

- Chruthódh an tIonad deiseanna fostaíochta agus spreagfadh sé geilleagair áitiúla trí oiliúint, printíseachtaí agus cláir dheimhniúcháin a sholáthar. Thacódh sé freisin leis an earnáil turasóireachta oidhreachta, a bhraitheann ar chaomhnú foirgneamh stairiúil chun cuairteoirí a mhealladh.

- Is minic a bhíonn cleachtais inbhuanaithe i gceist le scileanna traidisiúnta tógála, amhail úsáid a bhaint as ábhair ó fhoinsí áitiúla agus as teicnící ar lú a dtionchar ar an gcomhshaol ná an tionchar a imríonn teicnící eile. Chuirfeadh Ionad Barr Feabhais na modhanna sin chun cinn, agus é ag rannchuidiú le cleachtais níos inbhuanaithe tógála agus chaomhantais.

- D'fheidhmeodh an tIonad mar mhol do thaighde agus nuálaíocht maidir le teicnící traidisiúnta tógála, maidir le heolaíocht na n-ábhar agus maidir le modhanna caomhantais. D'fhéadfadh sé comhoibriú le hollscoileanna agus le hinstitiúidí taighde chun cineálacha nua cur chuige a fhorbairt i leith caomhnú oidhreachta.

- Trí Ionad Barr Feabhais a bhunú, shuífí an tír seo mar cheannaire i gcaomhantas oidhreachta agus i scileanna traidisiúnta tógála, agus sinn ag mealladh saineolaithe, mic léinn agus tionscadail idirnáisiúnta. Ar an tslí sin, chuirfí feabhas ar chomhoibriú domhanda agus rannchuideofaí le dea-chleachtais a fhorbairt sa réimse.

Tá géarghá anois le hIonad den sórt sin. Is í an Chomhairle Oidhreachta, le tacaíocht ón rialtas agus ag obair di i gcomhar le comhpháirtithe oideachais, a sholáthróidh an tIonad sin.

# Aonad Taighde Oidhreachta a bhunú sa Chomhairle Oidhreachta

Is an-bheag an méid a ghabhann an earnáil oidhreachta in Éirinn do mheastóireacht ar a cuid oibre nó do mheasúnú ar an difear a dhéanann sí.

Tá gá le taighde agus meastóireacht chun gur féidir cinntí fianaisebhunaithe a dhéanamh, tionchair a thomhas agus measúnuithe a dhéanamh ar threochtaí. Tá sé sin ríthábhachtach maidir le tuiscint a ghnóthú ar an rannchuidiú a dhéanann an oidhreacht le féiniúlacht, leis an ngeilleagar, le folláine agus le cumhachtú pobail. Tá sé ríthábhachtach maidir le tuiscint a ghnóthú freisin ar chomhdhéanamh agus cumas na hearnála oidhreachta agus ar na dúshláin a bheidh le sárú aici sa todhchaí.

## Na nithe a theastaíonn

Trí aonad taighde oidhreachta (ar a dtabharfar 'An tAonad um Thábhacht leis an Oidhreacht') a bhunú sa Chomhairle Oidhreachta, tá acmhainneacht ann athrú ó bhonn a dhéanamh ar an dóigh a bhféachaimid ar an earnáil oidhreachta agus ar an dóigh a soláthraímid acmhainní di.

Ba cheart sainordú a thabhairt don Aonad (Féach Togra 2) sonraí a ghiniúint, a bhailiú agus a chomhroinnt go tráthrialta leis na geallsealbhóirí uile ar fud gach gné den oidhreacht, cosúil leis an sainordú taighde atá ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.



An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Aonad Taighde Oidhreachta a bhunú sa Chomhairle Oidhreachta

## Is beag an méid a ghabhtar do mheastóireacht laistigh den earnáil oidhreachta

### Roinnt nithe atá ar eolas againn

Rannchuidíonn an earnáil oidhreachta **€4.6b** le geilleagar na hÉireann gach bliain

**62,000** an líon post a dtacaíonn an earnáil go díreach nó go hindíreach leo

B'ionann an cistiú ón Státchiste don earnáil oidhreachta sa bhliain 2023 agus **€267.8m**

**68%** an céatadán de dhaoine a chreideann go láidir gur gá dúinn ár n-oidhreacht a chosaint, i gcomparáid le 46% sa bhliain 1999

**€38m** an méid a caitheadh ar dheontais na Comhairle Oidhreachta ón mbliain 2019 i leith

Sa Ríocht Aontaithe, gineann aonad um Thábhacht leis an Oidhreacht sonraí agus taighde de shíor chun bonn eolais a chur faoi chinntí rialtais



Conas a thomhaisimid é sin a mhéid a bhaineann le toradh sóisialta agus le folláine shóisialta?

Cá mhéad gairmí oidhreachta atá san fhostaíocht lánaimseartha san earnáil oidhreachta?

Cén tionchar a bhí ag an gcistiú sin ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha nó cúrsaí eile de?

Cén fáth a bhfuil na dearcthaí atá ag daoine i leith na hoidhreachta ag athrú?

Cén tionchar a bhí ag na deontais sin ar an earnáil oidhreachta?

Cá mhéad a dhéanann Éire faireachán agus meastóireacht ar an earnáil oidhreachta i gcomparáid le tíortha Eorpacha eile?

**TIONCHAR**

### An t-eolas a theastaíonn uainn agus na nithe nach bhfuil ar eolas againn go fóill

## Cén fáth a dteastaíonn uainn an t-eolas sin

Chun a bheith in ann tionchair a thomhas ar bhealach níos fearr agus treochtaí a mheasúnú go tráthrialta

Chun airgead a choigilt don cháiníocóir trí chinntí fianaisebhunaithe a dhéanamh

Chun a thuiscint cén rannchuidiú a dhéanann tionscnaimh oidhreachta leis an tsochaí, le fás geilleagrach, le folláine agus leis an gcomhshaol

## Na nithe a theastaíonn

Sainordú rialála agus acmhainní chun sonraí a ghiniúint agus a chomhroinnt

## Ról na Comhairle Oidhreachta

Is í an Chomhairle Oidhreachta an t-aon eagraíocht amháin a oibríonn ar fud réimsí na hoidhreachta tógtha, na hoidhreachta cultúrtha agus na hoidhreachta nádúrtha

Rinne an Chomhairle Oidhreachta gach iarracht réasúnach chun a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha anseo cruinn. Tá an mheastóireacht eacnamaíoch agus fostaíochta tógtha ó thaighde a choimisiúnaigh an Chomhairle Oidhreachta ó KPMG Future Analytics sa bhliain 2024. Tá na sonraí faoi leibhéil chistiúcháin ón státchiste tógtha ó thaighde a choimisiúnaigh an Chomhairle Oidhreachta ó Crowe Ireland sa bhliain 2023/2024. Tá na tagairtí do dhearcthaí an phobail i leith na hoidhreachta tógtha ó thaighde a choimisiúnaigh an Chomhairle Oidhreachta ar Iompraíocht agus Dearcthaí sa bhliain 2023. Tá na meastacháin ar dháileadh deontas sa tréimhse 2019-2023 tógtha ó shonraí inmheánacha de chuid na Comhairle Oidhreachta.

RedQuadrant

## Tionchair

- Sholáthródh Aonad um Thábhacht leis an Oidhreacht sonraí agus anailís iontaofa don rialtas agus do gheallsealbhóirí chun bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus cistiúcháin. Chinnteodh sé sin go leithdháilfí acmhainní oidhreachta go héifeachtach agus go mbeadh idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise dhaingean.

- Dhéanfadh an tAonad measúnú córasach ar an difear a dhéanann tionscadail agus tionscnaimh oidhreachta, agus é ag déanamh meastóireacht ar an rannchuidiú a dhéanann siad le caomhnú, le fás geilleagrach, le folláine pobail agus le hinbhuanaitheacht comhshaoil.

- Trí na torthaí a bhíonn ar bheartais agus tionscadail oidhreachta a rianú, chuirfeadh an tAonad feabhas ar thrédhearcacht agus ar chuntasacht. Chinnteodh sé go n-éireodh le cláir oidhreachta a gcuid cuspóirí a bhaint amach agus go sainaithneofaí aon fhadhbanna, agus go dtabharfaí aghaidh orthu, ar bhealach pras.

- Thacódh an tAonad le pleanáil straitéiseach fhadtéarmach don earnáil oidhreachta trí threochtaí a anailísiú agus trí riachtanais amach anseo a thuar. Chabhródh sé sin le hullmhú do dhúshláin amhail an t-athrú aeráide, forbairt uirbeach agus dinimic shóisialta athraitheach, á chinntiú go mbeadh caomhantas oidhreachta ábhartha agus éifeachtach i gcónaí.

- D'fhéadfadh an tAonad beartais agus torthaí oidhreachta náisiúnta a chur i gcomparáid le caighdeáin agus cleachtais idirnáisiúnta, agus é ag cabhrú le réimsí lena bhfeabhsú a shainaithint agus ag cinntiú go bhfanfadh an tír ar thús cadhnaíochta na n-iarrachtaí domhanda i réimse an chaomhantais oidhreachta.

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill,
Cill Chainnigh, Éire R95 X264

**T** +353 56 777 0 777
**R** mail@heritagecouncil.ie

www.heritagecouncil.ie